POLASAÍ FRÍTH - BHULAÍOCHTA

IAR-BHUNSCOIL COLÁISTE NAOMH EOIN

2023/24

IAR-BHUNSCOIL COLÁISTE NAOMH EOIN
Inis Meáin, Oileain Árann, Co na Gaillimhe

etbi
Education & Training Boards Ireland
Boird Oideachais & Oiliúna Éireann

Polasaí Frith-Bhulaíochta Choláiste Naomh Eoin

Glactha leis ag an mBord Bainistíochta ar an

Faofa ag an mBord Oideachas agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin (BOOGR) ar an 27/05/2022

Ullmhaíodh an Beartas seo i gcomhairle le Tuismitheoirí, Scoláirí, Baill Foirne, an Bord Bainistíochta agus an BOOGR

Síniú Príomhoide Mairéad Ní Fhátharta

Cathaoirleach Ciarán Ó Ceallaigh

Polasaí Frith-bhulaíochta Choláiste Naomh Eoin 2022-2024

Faoi Acht Oideachais(leasa) 2000, agus le hathbreithniú náisiúnta beartas a thagann i ndréim le Nós Imeachta Frith Bhulaíochta, Na Roinne Oideachais agus Scileanna 2013 chomh maith le hAcht um thús Áite do Leanaí 2015, tá dulgas ar gach scoil polasaí frith bhulaíocht a réiteach, Tagann an beartas seo freisin le Nósanna imeachta um Chosaint leanaí do Bhunscoileanna agus Iarbhunscoileanna 2017.

Tá forbairt iomlánach an scoláire mar chroí na scoile seo agus tá gach polasaí agus beartais fite fuaite le ráiteas misean na scoile agus dul chun cinn dearfach an scoláire sa scoil ghaeltachta seo.

Cuireann bainistíocht Choláiste Naomh Eoin i bhfeidhm na 'Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile', atá mar chuid den doiciméad seo mar Pholasaí Frith-Bhulaíochta Cholaiste Naomh Eoin.

Ráiteas Misean

Scoil Oileáin í Coláiste Naomh Eoin a dhéanann freastal ar riachtanais oideachais iomlánach an scoláire ag déanamh cúram do chuimsiú an dalta chun barr a gcumais a bhaint amach agus chun iad a ullmhú chun a bheith ina saoránaigh gníomhach domhanda.

Déanann an scoil freastal ar fhorbairt phearsanta an dalta, ag déanamh cúram d'fholláine, de féin mhuinín agus do chumas cumarsáide chun go mbeidh na scoláirí réitigh chun saol a mbeidh siad bródúil as a caitheamh agus go mbeidh dúil sa bhfoghlaim fad saoil acu.

Tarlaíonn sealbhú, saibhriú agus sóisialú inár dteanga dúchais, an Ghaeilge, agus inár n-oidhreacht Ghaelach, go laethúil.

Atmaisféar cáirdiúil, spreagúil a chur ar fáil sa scoil.

Cearta an scoláire

Tá sé de cheart ag gach scoláire a bheith ag foghlaim agus a bheith in ann feidhmiú go héifeachtach ar scoil. Chuige sin, ní ghlacfar le bulaíocht de chineál ar bith nó d'aon droch-iompar a chuirfear isteach ar obair nó dul chun cinn dhuine ar bith.

Cineál Bulaíocht

S'éard is bulaíocht ann ná ionsaí leanúnach a dhéanann duine, nó grúpa, ó bhéal, go siceolaíoch nó go fisiciúil in aghaidh duine nó daoine eile.

Tá cineálacha éagsúla bulaíocht ann:

SAMPLAÍ D'IOMPRAÍOCHTAÍ BULAÍOCHTA

Iompraíochtaí a bhaineann le gach saghas bulaíocht	• Ciapadh bunaithe ar cheann ar bith de na naoi bhforas sa reachtaíocht comhionannais e.g. ciapadh gnéasach, bulaíocht homafóbach, bulaíocht chiníocht, etc. • Forrántacht fhisiciúil • Damáiste do mhaoin • Leasainmneacha a ghlaoch • Cleithmhagadh • Pictiúir, focail i scríbhinn, nó ábhar eile a tháirgeadh, a thaispeáint nó a scaipeadh atá dírithe ar dhuine eile a imeaglú • Graifítí maslach • Sracadh (extortion) • Imeaglú • Gothaí maslaitheacha nó gáirsiúla • 'Amharc' faoi leith • Cur isteach ar spás pearsanta • Meascn de na cinn a luaitear.

Cibearbhulaíocht	• **Tromaíocht**: Ráflaí, bréaga nó biadán a scaipeadh chun dochar a dhéanamh do cháil duine eile • **Ciapadh**: Teachtaireachtaí oilc, suaracha nó gáirsiúla a sheoladh chuig duine go leanúnach • **Pearsanú**: Teachtaireachtaí maslaitheacha nó forrántacha a phóstáil faoi ainm duine eile • **Gríosadh**: Úsáid a bhaint as focail ghairsiúla nó ghríosaitheacha chun troid ar líne a spreagadh • **Cleasaíocht**: Dallamullóg a chur ar dhuine eolas pearsanta a roinnt agus an t-eolas sin a úsáid ar líne ina dhiaidh sin • **Sceitheadh**: Eolas nó íomhánna rúnda a phostáil nó a roinnt • **Leithcheal**: Leithcheal a dhéanamh ar dhuine ó ghrúpa ar líne d'aon ghnó • **Cibear-stalcaireacht**: Ciapadh agus tromaíocht leanúnach a fhágann go mbíonn eagla a b(h)eatha/a s(h)ábháilteachta ar duine • Glao tostach gutháin/gutháin phóca • Glao maslach gutháin/gutháin phóca • Teachtaireacht téacs mhaslach • Teachtaireacht ríomhphoist mhaslach • Cumarsáid mhaslach ar líonraí sóisialta e.g. Facebook/Ask.fm/ Twitter/You Tube nó ar chonsóil chluichí • Ráitis/Blaganna/Pictiúir mhaslacha idirlín • Postálacha maslacha ar cineál ar bith teicneolaíochta cumarsáide

Iompraíocht bunaithe ar Aitheantas	• **Lena n-áirítear aon cheann de na naoi bhforas idirdhealúcháin a luaitear sa Reachtaíocht um Chomhionannas** • inscne lena n-áirítear trasinscne, stádas sibhialta, stádas teaghlaigh, claonadh • gnéasach, reiligiún, aois, míchumas, cine agus toisc gur den Lucht Taistil iad).
Homafóbach agus Trasinscne	• Ráflaí a scaipeadh faoi chlaonadh gnéasach duine • Tathant ar dhuine a bhfuil claonadh gnéasach difriúil aige/aici • Le asainmneacha a ghlaoch, e.g. aerach, casta, lúbtha, a úsáidtear chun caitheamh anuas ar dhuine • Imeaglú fisiciúil nó ionsaí • Bagairtí
Cine, náisiúntacht, cúlra eitneach agus ballraíocht de phobal an Lucht Taistil	• Idirdhealú, réamhchlaonadh, ráitis nó maslaí a bhaineann le cine, náisiúntacht, cultúr, aicme shóisialta, creideamh, cúlra, eitneach nó an Lucht Taistil • Leithcheal de bhun aon cheann acu seo thuas

Caidreamhach	Is éard atá i gceist anseo caidrimh a mhí-ionramháil mar bhealach chun bulaíocht a dhéanamh. Ar na hiompraíochtaí tá: • Biadán maslach • Leithcheal agus aonrú • Neamhaird • Leithcheal ó ghrúpa • Cairde a bhaint de dhuine • 'Bitseáil' • Ráflaí a scaipeadh • Rún a sceitheadh • Caint sách ard le go gcloisfeadh an t-íobartach í • 'Amharc' faoi Leith • 'nerd' a úsáid le cur isteach ar dhuine.
Gnéasach	• Ráitis nó tadhall gnéasach míchuí nó gan choinne • Ciapadh
Riachtanais Speisialta Oideachais, Míchumas	• Leasainmneacha a ghlaoch • Tathant ar dhaoine eile mar gheall ar a míchumas nó riachtanais foghlama • Teacht i dtír ar leochaileachtaí daltaí eile agus ar a gcumas teoranta bulaíocht a aithint agus iad féin a chosaint • Teacht i dtír ar leochaileachtaí daltaí eile agus ar a gcumas teoranta cúinsí sóisialta agus leideanna sóisialta a aithint agus iad féin a chosaint. • Athris a dhéanamh ar mhíchumas duine eile • Ceap magaidh a dhéanamh de dhaoine eile
Bulaíocht lena bhfuil gléasanna leictreonach páirteach ann	• Glaonna fóin / fóin phóca gan chaint • Glaonna fóin ionsaithe / fón póca • Teachtaireachtaí téacs ionsaitheacha

	• Teachtaireachtaí riomhphost ionsaitheacha • Tagairtí ionsaitheacha / Blaganna / Pictiúr ar Láithreáin Ghreasáin

Seo a leanas an múinteoir/na múinteoirí ábhartha a dhéanfaidh bulaíocht a imscrúdú agus a dhéileálfaidh léi: (féach Roinn 6.8 de na *Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar- bhunscoile)*:

Is iad na Múinteoirí ábhartha sa scoil seo:

Príomhoide Leas-
Phríomhoide
Múinteoir Ranga

POC1, POC2,

Is féidir le muinteoir ar bith gníomhú mar mhúinteoir ábhartha.

SEO A LEANAS NA STRAITÉISÍ OIDEACHAIS AGUS COISCTHE (LENA N-ÁIRÍTEAR STRAITÉISÍ A DHÍRÍTEAR GO SONRACH AR CHIBEAR BHULAÍOCHT AGUS AR BHULAÍOCHT BUNAITHE AR AITHEANTAS, GO HÁIRIRITHE BULAÍOCHT HOMAFÓBACH AGUS TRASFÓBACH) A BHEIDH IN ÚSÁID SA SCOIL (FEACH ROINN 6.5 DE NA *GNÁSANNA FRITHBHULAÍOCHTA BUNSCOILE AGUS IAR-BHUNSCOILE*):

Is é beartas na scoile oideachas a sholáthar ar bhulaíocht ar an mbealach seo a leanas:

Cleachtais chun bulaíocht a seachaint agus a láimhseáil

Aithníonn an Bord Bainistíochta cé chomh tromchúiseach agus atá bulaíocht agus an tionchar diúltach a imríonn sé ar shaol scoláire, mar sin tá an Bord tiománta go hiomlán do na bprionsabail thíos chun na cleachtais is fearr ó thaobh seachaint agus láimhseáil iompar bulaíochta

Cultúr dearfach scoile a sholáthar atá fáilteach roimh difríocht agus éagsúlacht bunaithe ar ionchuimsitheacht.

Cultúr scoile a cruthú a spreagann scoláirí chun labhairt agus plé faoi aon bhulaíocht i dtimpeallacht fáiltiúil

Cultúr scoile a chuireann caidrimh dearfach chun cinn i measc pobal na scoile

Ceannasaíocht éifeachtach a bheith sa scoil

Cur chuige iomlán scoile i Leith frith bhulaíochta a chleachta sa scoil

Tuiscint comónta ar bhulaíocht agus a thionchar a bheith ag pobal uile na scoile

Stráitéisí oideachasiúil agus seachaint bulaíocht a beith sa scoil a thógann:

Bá, meas agus athléimneacht a bhisiú sna scoláirí agus scileanna chun dul i ngleic le bulaíocht ar líne agus bulaíocht a bhaineann le féinaitheantas, ag déanamh cúram de bhulaíocht homafóibe agus trasfhóbach .

Pléitear beartas frithbhulaíochta na scoile leis na mic léinn agus tugtar cóip do gach tuismitheoir / caomhnóir mar chuid de Chód Iompair na Scoile (gach bliain).

Féinmheas a chothú agus a fheabhsú i measc na mac léinn go léir trí ghníomhaíochtaí curaclaim agus seach-churaclaim. Tabharfar deiseanna do mhic léinn féinmheas dearfach a fhorbairt trí idirghníomhaíochtaí foirmiúla agus neamhfhoirmiúla.

Cultúr insinte a spreagadh, agus béim faoi leith ar thábhacht na bhfinnéithe. Ar an gcaoi sin beidh muinín ag daltaí as a bheith ag insint. Tá gné seo na muiníne ríthábhachtach.

Monatóireacht agus maoirseoireacht éifeachtach ar na scoláirí a bheith ag tarlú sa scoil

Tacaíocht don fhoireann a bheith ar fáil chun go mbeidh siad in ann eachtra bulaíochta a aithint nó a láimhseáil más gá

Taifeadh ,fiosriú agus leanacht suas éifeachtach ar iompar bulaíocht sa scoil

Measúnú ar éifeacht an bheartas frith bhulaíochta sa scoile

STRUCHTÚR TRÉADCHÚRAIM NA SCOILE:

Tá an scoil beag agus bíonn aithne phearsanta ag an bhfoireann ar na gasúir mar sin is féidir i gcónaí labhairt le gach múinteoir ach bíonn cuireadh speisialta ag gach dalta labhairt leis an bpríomhoide a fheidhmíonn mar chaomhnóir sa scoil do gach scoláire..

Bíonn an fhoireann ag faire agus ag breathnú ar chaidrimh idir mhic léinn sa rang, ag tabhairt faoi deara patrúin neamhláithreachta agus ag cur in iúl dóibh go bhfuiltear ag súil le hardchaighdeáin iompair i gcónaí.

Maoirseacht agus monatóireacht ar sheomraí ranga, pasáistí, clós na scoile, turais scoile agus gníomhaíochtaí seach-churaclaim. Tabharfar treoir d'fhoireann neamhtheagaisc agus do bhaill eile a bheith ar an airdeall agus eachtraí a thuairisciú do na múinteoirí ábhartha. Beidh maoirseacht ann ar úsáid na mac léinn as teicneolaíocht cumarsáide ar scoil.

Deimhin a dhéanamh de go mbeidh a fhios ag daltaí cé dó ba chóir dóibh a insint agus conas é a dhéanamh, e.g.:

- Dul caol díreach chuig múinteoir ag am feiliúnach, mar shampla tar éis ranga.
- Cnag ar dhoras an Phríomhoide agus cinntigh gur mhaith leat labhairt leí.
- Nóta a thabhairt isteach leis an obair bhaile.
- Glao gutháin a chur ar an scoil nó ar mhúinteoir sa scoil a bhfuiltear muiníneach as/aisti.

Eolas a scaipeadh le tusmitheoirí/caomhnóirí agus daltaí go bhfuil ríomhphost ar fáil chun eolas maidir le bullaíocht a chur in iúl don fhoireann ag eolas.eoin@gretb.ie

AG GNÍOMHIÚ SA SCOIL

Cur i ngníomh iomlán na gcuraclam SPHE agus CSPE agus na gclár RSE.

Dul in ngleic leis an easpa seirbhísí óige agus tacaíochta sa cheantar ó thaobh aoi chainteoirí agus ceardlainn. Ranganna ar líne.

Ceachtanna ar an mbulaíocht bunaithe ar fhianaise a sheachadadh ar fud na scoile, e.g. On My Own Two Feet, Tackle your Feelings

Ceachtanna a sheachadadh ar Fhorrántacht Chaidreamhach, ar an gCibearbhulaíocht, ar an mBulaíocht Hómafógach agus Thrasfóbach, ar an Éagsúlacht agus an Idirchultúrachas.

Cláir SPHE an Gharda Síochána a sheachadadh ar leibhéal iar-bhunscoile. Pléann na ceachtanna seo, a thugann Gardaí Pobail, ceisteanna a bhaineann le sábháilteacht phearsanta agus cibearbhulaíocht.

Forbairt Ghairme Leanúnach don fhoireann agus na cláir sin á seachadadh.

SEO A LEANAS STRAITÉISÍ NA SCOILE CHUN IOMPAR BULAÍOCHTA A IMSCRÚDÚ, CHUN OBAIR LEANTACH A DHÉANAMH INA DTAOBH AGUS CHUN IOMPAR BULAÍOCHTA A THAIFEADADH MAR AON LEIS NA STRAITÉISÍ IDIRGHABHÁLA BUNAITHE A ÚSÁIDFIDH AN SCOIL CHUN DÉILEÁIL LE CÁSANNA D'IOMPAR BULAÍOCHTA

Céimeanna chun cás a láimseáil?

Má bhíonn aimhreas faoi bhulaíocht nó gá le fiosrú agus ag deileáil le bulaíocht, déanfar sin de réir 'Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile'.

Is é an phríomhaidhm a bhaineann le bulaíocht a fhiosrú agus a láimhseáil ná ceisteanna a réiteach agus an caidreamh idir na páirtithe a shlánú, a oiread agus is féidir (seachtas milleán a leagan ar dhuine)

Ba chóir do mhic léinn aon eachtra bulaíochta a phlé le múinteoir nó le duine fásta eile laistigh den chóras scoile; is iompar freagrach é seo seachas "scéalta a insint" agus as sin ba cheart don mhúinteoir nó don duine fásta an scéal a inseacht do phríomhoide/leasphríomhoide.

Ba chóir do thuismitheoirí / chaomhnóirí teagmháil a dhéanamh leis an bpríomhoide/leasphríomhoide nó le haon bhall foirne eile a bhfuil siad compordach leis maidir le teagmhais iompraíochta bulaíochta a bhféadfadh siad a bheith in amhras fúthu nó a tháinig faoina n-aird trína gcuid leanaí nó tuismitheoirí eile. I gColáiste Naomh Eoin, iarrtar ar mhúinteoirí aon eolas a roinntear leo faoi aimhreas bulaíochta a roinnt leis an bpríomhoide/leasphríomhoide láithreach.

Ní mór do ghnásanna na scoile cloí leis an gcur chuige seo a leanas. Déanfar gach iarracht a chinntiú go dtuigfidh gach duine atá rannpháirteach (múinteoirí, daltaí, tuismitheoirí/caomhnóirí san áireamh) an cur chuige sin ón tús.

Ba cheart freagra a fháil ar na ceisteanna seo leanas ar bhealach séimh: - Céard a tharla? - Cén áit? - Cén uair? - Cé a rinne é? - Cén fáth?

Má tá slua i gceist, ba cheart agallamh a chur ar gach duine ina aonar agus, ar deireadh, ar an slua le chéile. Usáid foirm A chun cúntas ar eachtra nó aimhreas bulaíochta a thaifead.

Má tá sé soiléir go bhfuil scoláire ag déanamh bulaíochta, ba chóir a chur in iúl dó/di go bhfuil sé/sí ag briseadh “Cód Iompair na Scoile”.

Ba chóir d’aon mhúinteoir a fhiosraíonn cás bulaíochta cuntas, i scríbhinn, a choinneáil air de réir an foirm tuairisciú ceangailte.

Nuair a tharlaíonn bulaíocht, ba cheart don Phríomhoide, don LeasPhríomhoide castáil le tuismitheoirí na scoláirí (ar an dá thaobh) chun é a phlé leo má cheapann siad go bhfuil gá leis. Tá sé tábhachtach go mbeadh cruinniú leis an mbeirt atá i gceist go haonraic agus le chéile tamall tar éis an eachtra chun cairdeas a chothú eatarthu arís.

Faoin mbeartas frith bhulaíocht seo, leanann an scoil troir Náisiúnta eisithe I 2017 faoi Acht um Thús Áite do leanaí, agus nós imeachta frith bhulaíochta gur féidir leis an scoil atreorú a dhéanamh le TUSLA nó An Garda Síochana I gcasanna go mbraitheann said go bhfuil an iompar bulaíocht an-tromchúiseach. Sa chás nach go mbaineann neamh chinnteacht faoi thuairisiciú is féidir leis an Duine Ainmnigh comhairle a fháil ó TUSLA de réir na hachta.

Coinneofar taifid ar gach eachtra agus ar na nósanna imeachta a leanadh.

Coinneofar an Leas-Phríomhoide agus an Príomhoide ar an eolas faoi gach eachtra agus beidh fáil acu ar thaifid scríofa ábhartha.

Ar an gcéad dul síos glacfar le cur chuige athchóirithe maidir leis an eachtra a réiteach agus cuirfear cur chuige gan mhilleán gan smachtbhanna i bhfeidhm. Tá sé seo ag teacht le comhairle ón bhFeachtas agus cur chuige Frithbhulaíochta atá glactha ag an scoil - https://www.antibully

I gcásanna go gcinneann an Príomhoide/leasphríomhoide gur tharla iompraíocht bhulaíochta, ba chóir teagmháil a dhéanamh le tuismitheoir(í)/caomhnóir(í) na bpáirtithe go luath d'fhonn an tarlúint a chur in iúl dóibh agus míniú a thabhairt ar na gníomhartha a bheifear a dhéanamh (agus tagairt á déanamh do bheartas na scoile). Ba chóir don scoil deis a thabhairt do thuismitheoirí/do chaomhnóirí plé a dhéanamh ar na bealaí lenar féidir leo tacú leis na gníomhartha atá an scoil a dhéanamh agus leis na tacaí atáthar a chur ar fáil do dhaltaí;

Sa chás go gcinneann an múinteoir ábhartha go raibh iompraíocht bhulaíochta ar bun ag an dalta, ba chóir a chur in iúl go soiléir dó/di an sárú a rinne sé/sí ar bheartas frithbhulaíochta na scoile agus ba chóir iarracht a dhéanamh tabhairt air/uirthi an cás a fheiceáil ó dhearcadh an dalta a d'fhulaing an bhulaíocht;

Socrófar cruinnithe leantacha leis na páirtithe ábhartha lena mbaineann d'fhonn iad a thabhairt le chéile níos déanaí má tá an dalta a ndearnadh bulaíocht air réidh agus aontaithe.

Agus é/í ag fiosrú agus ag láimhseáil na bulaíochta, tabharfaidh an múinteoir (ábhartha/Príomhoide/leasphríomhoide) a b(h)reithiúnas féin féachaint ar tharla bulaíocht nó nár tharla agus conas is fearr an cás a réiteach.

- Ar chríochnaigh an bulaíocht?
- An bhfuil réiteach idir na páirtithe?
- Aiseolas faighte ó na páirtithe páirteach ann, a dtuismitheoirí/a gcomhnóirí, Leas- Phríomhoide nó an Phríomhoide.
- I gcás nach bhfuil tuismitheoir sásta gur dhéileáil an scoil le cás bulaíochta de réir na nósanna imeachta seo, caithfear na tuismitheoirí a threorú, mar is cuí, chuig nósanna imeachta gearán na scoile.
- Úsáidfear Augisín B chun aon chás nach bhfuil réitigh taobh istigh de 20 lá a thaifead

Sa chás gur chinn an scoil mar chuid dá beartas frithbhulaíochta nár mhór, i gcúinsí áirithe, an iompraíocht bhulaíochta a chuntas agus a thuairisciú láithreach bonn don Phríomhoide nó don Leas-Phríomhoide de réir mar is cuí. I gcás gearáin maidir le ball foirne, ba cheart é seo a thabhairt láithreach chuig an bPríomhoide.

De réir Leanaí ar dtús agus na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna cuirfear cásanna tromchúiseacha d'iompar bulaíochta chuig

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS), Seirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh agus / nó Gardaí de réir mar is cuí agus mar atá leagtha amach sna Nósanna Imeachta Frithbhulaíochta do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna.

ACHOIMRE TRÉIMHSEACHA DO BHORD BAINISTÍOCHTA NA SCOILE

Ag gach cruinniú den Bhord Bainistíochta cuirfidh Príomhoide na scoile an Bord ar an eolas faoi aon chásanna bulaíochta a chuirtear chuig FSS / TUSLA (beidh sé seo mar chuid den Tuarascáil ar Chosaint Maoirseachta Leanaí freisin). Cuirfidh an príomhoide tuarascáil ar fáil freisin:

Líon na gcásanna a chur múinteoirí chuige atá i gceannas ar imscrúdú a dhéanamh ar eachtraí bulaíochta nár réitíodh tar éis 20 lá agus a cuireadh isteach ag úsáid Aguisín B.

Deimhneoidh an príomhoide freisin go bhfuiltear ag déileáil le gach eachtra den sórt sin nó gur déileáladh leis de réir Bheartas Frithbhulaíochta na scoile agus na Nósanna Imeachta Frithbhulaíochta do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna.

SEO A LEANAS CLÁR TACAÍOCHTA NA SCOILE DO DHALTAÍ A NDEARNADH BULAÍOCHT ORTHU:

- Cuirfear gach tacaíocht agus deis in-scoile ar fáil do dhaltaí a fhulaingíonn an bhulaíocht chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí a leagtar amach chun a bhféinmhuinín a mhéadú, cairdeas agus scileanna sóisialta a fhorbairt agus seasmhacht a láidriú, e.g.

- Má bhíonn comhairleoireacht nó tacaí breise de dhíth ar dhaltaí, déanfaidh an scoil a dícheall dul i gcomhairle leis na gníomhaireachtaí cuí chun é sin a eagrú. D'fhéadfadh sé gur don daltaí a fhulaingíonn an bhulaíocht nó a bhíonn i mbun na hiompraíochta bulaíochta é sin.

- Ba chóir do dhaltaí a thuiscint nach mbíonn aon fhinnéithe gan locht ann agus gur chóir gach iompraíocht bhulaíochta a chur in iúl do mhúinteoir.

Clamhseán maidir le láimseáil

I gcás nach bhfuil tuismitheoir sásta gur dhéileáil an scoil le cás bulaíochta de réir na nósanna imeachta seo, caithfear na tuismitheoirí a threorú, mar is cuí, chuig gearán a dhéanamh chuig Bord Bainistíochta na Scoile i scríbhínn taobh istigh de 60 lá ó thuairisciú an ghearáin.

MAOIRSEACHT AGUS MONATÓIREACHT ÉIFEACHTACH AR DHALTAÍ

Deimhníonn an Bord Bainistíochta go bhfuil cleachtais agus beartais chuí mhaoirseachta agus monatóireachta i bhfeidhm chun iompar bulaíochta a chosc agus chun déileáil leis agus chun Bulaíocht a sheachaint.

Ó tharla gurb iad na scoláirí a mbíonn easpa féinmhuiníne agus nach mbíonn féinmheas acu orthu féin is mó a bhíonn páirteach i mbulaíocht, ba cheart do mhúinteoirí gach deis a úsáid chun féinmheas agus féinmhuinín a chothú i measc na scoláirí. Mar chuid de chlár Follaine na scoile beidh plé oscailte ar bhulaíocht agus láimhseail bulaíochta le linn ranga chomh maith le feachtais eolais agus aoi chainteoirí i rith nabliana.

Cuirfidh an Príomhoide tuairisc ar fáil don Bhord Bainistíochta uair amháin ar a laghad i ngach téarma scoile ar líon iomlán na gcásanna bulaíochta a tuairiscíodh (ar an teimpléad taifeadta bulaíochta ceangailte) ag deimhniú gur déileáladh le gach cás díobh sin, nó go bhfuiltear ag déileáil leo, de réir bheartas frithbhulaíochta na scoile agus de réir na nGnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar- bhunscoile.

Beidh athbhreithniú bliantúil a dhéanamh ar bheartas frithbhulaíochta na scoile ag an mbord bainistíochta agus ar an tslí ina gcuirtear chun feidhme é. Cuirfear fógra scríofa gur athbhreithníodh beartas frithbhulaíochta na scoile ar fáil do phearsanra na scoile, agus ar fáil do thuismitheoirí agus do dhaltaí .

Cuirfear cóip den chiorclán frith Bhulaíochta a chur ar fáil do bhaill an Bhoird Bhainistíochta agus d'fhoireann na scoile.

Ghlac an Bord Bianistíochta leis an mBeartas Frith Bhulaíochta seo ar an

Dáta_____.

Síniú_____

Cathaoirleach an Bhord Bainistíochta

Síniú_____

Príomhoide

AGUISÍN A

TAIFEAD BULAÍOCHT FOIRM A -COLÁISTE NAOMH EOIN

1. Ainm an dalta faoi bhulaíocht agus rang ghrúpa

Ainm _____Rang _____

2. Ainm(neacha) agus rang(anna) dalta(í) páirteach in iompar bulaíocht

_____

_____

_____

3. Foinse tuairisce (cuir tic)

Imní ar dhalta	
Dalta eile	
Tuismitheoir	
Múinteoir	
Eile	

4. Suíomh (cuir tic sa bhosca)

Sa chlós	
Seomra ranga	
Dorchla	
leithreas	
Áit eile an oileán	
eile	

5. Ainm an té a rinne an tuairisciú

6. Cineál iompar bulaíochta (cur tic sa bhosca cuí) *

Ionsaí fisiciúil		Bulaíocht ar líne	
Damáiste do mhaoin		imeaglú	
Imeallú		Cúl chaint ghangaideach	
Glaoch ainmneacha		Eile (cur síos)	

7. Scríobh áit a n-aithnítear bulaíocht ar aitheantais:

Homafóibe	Riachtanais speisialta/mí-chumas	ciníoch	trasfhóbach	eile (cur síos)

8. Cur síos ar an mbulaíocht agus a thionchar

9. Cur síos ar an gníomhaíocht tógtha

Sínithe _____ (Múinteoir) Dáta _____

Dáta curtha chuig an bpríomhoide/leas phríomhoide _____

Aguisín B

Teimpléad chun iompar bulaíochta a thaifeadadh

Dáta Tuairisciú_____

Gníomh
Glactha_____
_____
_____
_____

Cúis go bhfuil fós gan
réiteach_____
_____
_____
_____

1. Ainm(neacha) agus rang(anna) an dalta/na ndaltaí atá ag gabháil d'iompar bulaíochta

_____
_____
_____

3. An t-iompar is ábhar buartha/imní (ticeáil an bosca/na boscaí ceart(a)*

An dalta i dtrácht	

4. An áit ar tharla an teagmhas/na teagmhais (ticeáil an bosca/na boscaí ceart(a)*

Clós	

Dalta eile	
Tuismitheoir	
Múinteoir	
Eile	

Seomra ranga	
Dorchla/pasáiste	
Leithris	
Bus Scoile	
Eile	

5. Ainm an té/na ndaoine a thuairiscigh an t-údar imní bulaíochta

6. Cineál an iompair bhulaíochta (ticeáil an bosca/na boscaí ceart(a)*

Ionsaitheacht Fhisiciúil		Cibearbhulaíocht	
Dochar do mhaoin		Imeaglú	
Aonrú/Eisiamh		Cúlchaint mhailíseach	
Ainmneacha maslacha a thabhairt ar dhuine:		Eile (tabhair do thuairim)	

7. I gcás iompair a bhféachtar air mar bhulaíocht bunaithe ar aitheantas, tabhair an chatagóir lena mbaineann:

Homafóbach	Míchumas/bainteach le riachtanais speisialta oideachais	Ciníoch	Ballraíocht den Lucht Siúil	Eile (sonraigh)

8. Cur síos gairid ar an dteagmháil le tuismitheoirí & eagrachtaí stáit

9. Sonraí na céimeanna tógtha go dáta

Sínithe _____(Príomhoide) Dáta _____

An Dáta a cuireadh é ar aghaidh chuig an bPríomhoide/Leas-Phríomhoide

*** Nóta:** Catagóirí molta is ea na catagóirí i dtáblaí 3, 4 & 6 agus féadfaidh scoileanna iad a leasú nó catagóirí eile a chur leo.

Aguisín C

Seicliosta le haghaidh athbhreithniú bliantúil ar an mbeartas fhrithbhulaíochta agus ar a fheidhmiú

Ní mór don Bhord Bainistíochta (an Bord) athbhreithniú bliantúil a dhéanamh ar bheartas frithbhulaíochta na scoile agus ar an tslí ina gcuirtear chun feidhme é. Ní mór an seicliosta seo a leanas a úsáid san athbhreithniú. Áis is ea an seicliosta d'athbhreithniú an bheartais ach ní seicliosta uileghabhálach é. Ní mór na rudaí seo a leanas a chur i gcrích chun an seicliosta a chomhlánú: scrúdú agus athbhreithniú ar anailís chainníochtúil agus ar anailís cháilíochtúil ar eilimintí éagsúla d'fheidhmiú bheartas frithbhulaíochta na scoile.

	Tá/ Níl
An bhfuil beartas frithbhulaíochta a ghéilleann go hiomlán do riachtanais *Ghnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile* glactha ag an mBord go foirmiúil?	Tá
An bhfuil an beartas foilsithe ar shuíomh Gréasáin na scoile agus cóip curtha ar fáil do chumann na dtuismitheoirí?	Tá
An bhfuil sásta go bhfuil go bhfuil an beartas ar fáil d'fhoireann na scoile (agus foireann nua san áireamh)?	Tá
An bhfuil an Bord sásta go bhfuil dóthain eolais ar an mbeartas agus ar na gnásanna ag foireann na scoile chun iad a chur i bhfeidhm go héifeachtach agus go comhsheasmhach ina gcuid oibre laethúla?	Tá
An bhfuil an Bord sásta go bhfuil dóthain eolais ar an mbeartas ag na daltaí?	Tá
An bhfuil an Bord sásta gur doiciméadaíodh sa bheartas na straitéisí coiscthe agus oideachais a bheidh i bhfeidhm sa scoil?	Tá
An bhfuil an Bord sásta gur cuireadh gach straitéis coiscthe agus oideachais chun feidhme?	Tá
Ar scrúdaíodh a éifeachtaí atá na straitéisí coiscthe agus oideachais atá curtha chun feidhme?	Tá
An bhfuil an Bord sásta go bhfuil na múinteoirí ar fad ag taifeadadh agus ag déileáil le teagmhais bhulaíochta de réir an bheartais?	Tá
An bhfuil an Bord sásta go bhfuair an Bord na tuairiscí achoimre tréimhsiúla ón bPríomhoide agus ar glacadh miontuairiscí maidir leo?	Tá
An bhfuil an Bord sásta gur pléadh a fheabhas atá an scoil ag láimhsiú tuairiscí bulaíochta lena n-áirítear teagmhais bhulaíochta ar déileáladh leo ag céim luath agus nach bhfuil ar áireamh, mar sin, i dtuairisc thréimhsiúil an Phríomhoide?	Tá
An bhfuil an Bord sásta nach bhfuarthas aon ghearán ó thuismitheoirí maidir leis an tslí ina láimhsíonn an scoil teagmhais bhulaíochta?	Tá
An bhfuil an Bord sásta nár thóg tuismitheoir ar bith a páiste amach as an scoil á rá go raibh siad míshásta leis an tslí inar láimhsigh an scoil cás bulaíochta?	Tá

An bhfuil an Bord sásta nach ndearna Ombudsman na Leanaí imscrúdú ar an tslí inar láimhsigh an scoil cás bulaíochta a thionscain nó a thabhairt chun críche?	Tá
An bhfuil an Bord sásta go ndearnadh anailís ar na sonraí a fuarthas ó chásanna a tuairiscíodh don Phríomhoide (leis an teimpléad taifeadta bulaíochta) chun aon cheisteanna, treochtaí nó patrúin in iompar bulaíochta a shainaithint?	Tá
An bhfuil an Bord sásta nár aithníodh aon ghnéithe de bheartas na scoile agus/nó a fheidhmiú a dteastaíonn feabhsú breise orthu?	Tá
An bhfuil plean gníomhaíochta i bhfeidhm ag an mBord chun díriú ar aon réimse ina dteastaíonn feabhsú?	Tá

Síniú Ciarán Ó Ceallaigh _____ Dáta 18/12/23

Cathaoirleach, an Bord Bainistiochta

Dáta-18/12/23

Síniú Mairéad Ní Fhátharta- Príomhoide